# Scríobh Leabhar

## Acmhainní ar líne chun tacú le daltaí

### FOCLÓIR.IE

Tá an foclóir ar fáil saor in aisce agus in oiriúint do ríomhairí deisce agus do ghléasanna móibíleacha araon.
Tá eolas gramadaí agus comhaid fuaime ag dul leis an ábhar Gaeilge san fhoclóir a bheidh mar lámh chunta an-úsáideach do dhaltaí agus iad i mbun ceapadóireachta.
Tá teacht ar an bhfoclóir anseo.

focloir.ie
An Foclóir Nua Béarla-Gaeilge

### TURAS NA SCRÍBHNEOIREACHTA

Tá an leabhrán seo, atá ar fáil i bhfoirm PDF, breac le samplaí scríbhneoireachta a chabhródh go mór le daltaí smaointe a chur le chéile agus plean scríbhneoireachta a chur i bhfeidhm. Tá sé oiriúnach ó na bunranganna suas chomh fada le Rang 6. Is féidir leis an múinteoir an leagan digiteach a íoslódáil agus acmhainní ar leith a roghnú.
Féach an nasc seo le tuilleadh eolais a fháil.

cea

### FIGHTING WORDS

Tá an suíomh idirlín seo dírithe ar scríbhneoirí óga idir 6–12 bliana d'aois. Tá neart acmhainní curtha le chéile acu chun próiséas na scríbhneoireachta a spreagadh as Gaeilge. Tá físeáin le fáil ar an suíomh a chabhródh go mór le daltaí agus iad i mbun scéal a phleanáil agus a scríobh.
Féach ar roinnt samplaí ag an nasc seo.

### BOOK CREATOR

Tá leagan Gaeilge de Book Creator ar fáil anois do dhaltaí a theastaíonn uathu cruth álainn a chur ar a gcuid scéalta. Tá go leor féidearthachtaí ann chun scríbhneoireacht na bpáistí a chur in iúl ar bhealach tarraingteach, beomhar leis an acmhainn álainn seo.
Cliceáil anseo chun spléachadh a fháil ar an méid atá le fáil.

BOOK CREATOR

### SNAS AR SCÉAL

Is áis bheag shimplí é Snas ar Scéal a bhfuil féidearthachtaí móra ag baint leis! Is é is aidhm don áis páistí a spreagadh le bheith ag smaoineamh ar roghanna eile agus ar dhóigheanna eile lena gcuid smaointe a chur in iúl agus iad i mbun scríbhneoireachta. Tá idir áiseanna clóite agus chluichí idirghníomhacha Snas ar Scéal ar fáil anseo.

### OIDE.IE

Tá cáipéis curtha le chéile ag Oide chun tacú le múinteoirí agus an scríbhneoireacht idir lámha acu. Tá neart smaointe praiticiúla le fáil sa cháipéis seo a bheadh thar a bheith oiriúnach agus an tionscadal 'Scríobh Leabhar' ar siúl i mbunscoileanna i mbliana. Tá sé le fáil ag an nasc seo.

Oide